2024/3238

23.12.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3238 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Nollaig 2024

maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Bhulgáir agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3109

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 9305)

(Is é an téacs Bulgáirise amháin atá barántúil)

Téacs atá ábhartha maidir le LEE

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag a bhíonn ar ainmhithe den chineál gabhair agus den chineál caorach agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráige d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag in ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach, tá riosca tromchúiseach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429 agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseofar leis an gcrios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3109 ón gCoimisiún ([4]) ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos ann bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Bhulgáir mar fhreagairt ar an ráig a deimhníodh an 25 Samhain 2024 i mbardasacht Velingrad, i réigiún Pazardzhik. Go sonrach, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3109 maidir leis na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise atá le bunú ag an mBallstát sin, tar éis na ráige den ghalar sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca nach beag ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3109 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2024 maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Bhulgáir (tugadh fógra faoi leis an doiciméad (IO L 2024/3109, 9.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/3109/oj).

(5) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3109 ann, tá deimhniú oifigiúil ón mBulgáir go bhfuil na bearta rialaithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/687 curtha chun feidhme fós ar feitheamh.

(6) Dá bhrí sin, chun an riosca go leathfadh an galar laistigh den Bhulgáir agus chuig na Ballstáit eile araon a mhaolú go héifeachtach, tá sé ríthábhachtach fad tréimhse na mbeart rialaithe agus méid na gcriosanna srianta a liostaítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise le haghaidh na Bulgáire a choigeartú san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3109. Tugtar aghaidh ar an riosca mór a bhaineann le cúrsaíocht leanúnach agus leathnú féideartha an ghalair thar na limistéir atá buailte faoi láthair. Mura ndéantar na coigeartuithe sin, tá an baol ann go ndéanfaí dochar d'iarrachtaí rialaithe galar agus do shláinte ainmhithe ar fud an Aontais. Dá réir sin, is gá liosta na gcriosanna srianta agus fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin a leagtar amach ann a leasú agus iad a leagan amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Ina theannta sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3109 a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina ionad.

(7) Tá méid agus fad tréimhse na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise chomh maith leis na bearta atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin bunaithe ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Ina theannta sin, cuirtear san áireamh an staid eipidéimeolaíoch maidir le plá na n-athchogantach beag sna limistéir atá buailte agus an staid eipidéimeolaíoch foriomlán atá ann maidir le plá na n-athchogantach beag sa Bhallstát lena mbaineann, chomh maith leis an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair sin. Thairis sin, ba cheart tréimhse na mbeart a bheith i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta an Chóid um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) .

(8) Mar sin féin, d'ainneoin gur deimhníodh plá na n-athchogantach beag níos mó ná dhá sheachtain ó shin, níor sholáthair an Bhulgáir an fhaisnéis riachtanach a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 ón gCoimisiún ([5]) chun cur chun feidhme rathúil na mbeart rialaithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a deimhniú. In éagmais an deimhnithe sin, ní mór teacht ar an gconclúid nár cuireadh na bearta sin chun feidhme go héifeachtach, rud a chruthaíonn riosca ard go leathfadh galair tuilleadh.

(9) De bharr dhéine agus phráinn na staide eipidéimeolaíche, is gá bearta éigeandála breise a ghlacadh chun an riosca go leathfadh an galar tuilleadh laistigh de chríoch na Bulgáire agus chuig na Ballstáit eile a mhaolú, chomh maith le bacainní trádála nach bhfuil údar leo a sheachaint. Tá sé fíor-riachtanach a áirithiú go mbeidh toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe ó na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise go cinn scríbe atá lasmuigh d'imlíne sheachtrach an chreasa srianta breise. Thairis sin, ní mór aon mhaoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar an toirmeasc sin, mar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, a eisiamh ar feadh tréimhse ainmnithe. Anuas ar sin, maidir leis an ngluaiseacht caorach agus gabhair isteach i gcriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise ó limistéir nach liostaítear san Iarscríbhinn, ar chúis ar bith seachas marú díreach, ní mór í a thoirmeasc.

(10) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair san Aontas a mhéid a bhaineann le plá na n-athchogantach beag á cur san áireamh, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Márta 2025.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fógra agus tuairisc a thabhairt don Aontas faoi ghalair liostaithe, maidir le formáidí agus nósanna imeachta chun cláir faireachais an Aontais agus cláir dhíothaithe a chur isteach agus a thuairisciú agus maidir le hiarratas ar stádas saor ó ghalar a aithint, agus maidir leis an gcóras faisnéise ríomhairithe (IO L 412, 8.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/2002/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfaidh an Bhulgáir an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go mbunóidh údarás inniúil an Bhallstáit sin láithreach crios srianta, lena gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais mar aon le crios srianta breise, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin;

(b) go gcuimseofar leis na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise dá dtagraítear i bpointe (a) ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(c) maidir leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta, sna criosanna faireachais agus sna chriosanna srianta breise, go gcuirfear i bhfeidhm iad ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Déanfaidh an Bhulgáir an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go mbeidh toirmeasc ar ghluaiseachtaí caorach agus gabhar ó na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise go ceann scríbe atá suite lasmuigh d'imlíne sheachtrach an chreasa shrianta bhreise mar a leagtar amach i bPointe B den Iarscríbhinn go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn;

(b) maidir le gluaiseachtaí caorach agus gabhar ó na codanna sin de chríoch na Bulgáire nach liostaítear san Iarscríbhinn, chuig ceann scríbe atá suite laistigh den chrios srianta, nach bhféadfar iad a cheadú ach amháin má údaraíonn an t-údarás inniúil iad agus má aistrítear na hainmhithe go díreach chuig seamlas lena marú láithreach;

(c) go gcomhlíonann na modhanna iompair agus gluaiseacht caorach agus gabhar dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 24 agus 28(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

Airteagal 3

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3109.

Airteagal 4

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Márta 2025.

Airteagal 5

Is chuig Poblacht na Bulgáire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

A. **Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar an ráig dheimhnithe**

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
Réigiún Pazardzhik BG-PPR-2024-00001	Crios cosanta: Those parts of Pazardzhik region, contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.0156, Long. 23.9989 (2024/1)	27.1.2025
	Crios faireachais: Those parts of Pazardzhik region, contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.0156, Long. 23.9989 (2024/1) excluding the areas contained in the protection zone	8.2.2025
	Crios faireachais: Those parts of Pazardzhik region, contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.0156, Long. 23.9989 (2024/1)	28.1.2025 - 8.2.2025

B. **Criosanna srianta breise**

Aonad réigiúnach	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise a bhunaítear sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
Réigiún Pazardzhik	— Entire territory of Pazardzhik region, excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	13.3.2025
	— Entire territory of Pazardzhik region	9.2.2025 - 13.3.2025
Réigiún Blagoevgrad	— Municipalities Razlog, Satovcha, Garmen, Bansko, Belitsa, Yakoruda	13.3.2025
Réigiún Smolyan	— Dospat Municipality	13.3.2025
Réigiún Sóifia oblast	— Municipalities Kostenets and Dolna Banya	13.3.2025